

CAIB VII

NA CROSÁIN, COSA AN CHROSÁIN

Teigheann na crosáin isteach i bpotaí na ngliomadóirí nuair a bhíos na potaí curtha sa bhfairge agus baoití ar biríní ionnta chun gliomaigh a mhealladh isteach. Itheann na crosáin na baoití go minic agus ní bhíonn baoite ar bith don ghliomach nuair a thig sé chomh fada leis an bpota. Bíonn an pota gan gliomach nuair a thógas an gliomadóir é agus ní fáilte a bhíos aige roimh an gcrosán.

Caitheann an t-iasgaire na crosáin uaidh sa bhfairge. Má iarrtar air ceann a thabhairt abhaile mar theasbánadh bhéarfaidh sé abhaile go leor aca go bhfeicidh muid iad, agus bhéarfaidh sé abhaile beo iad. An té nach bhfuil aithne aige ar ghliomadóir tig leis na locháin cladaigh a chuartú agus gheobhfaidh sé roinnt aca beo agus marbh san díothrághadh.

Sé an t-ughdar a dtugtar crosán air, tá géaga móra timcheall ar a chonablaigh agus tá siad chomh mór le hais an chonablaigh go gcuireann siad crois i gcuimhne dúinn. Cheithre ghéag atá ar an gcrois, ar ndóigh, ach bíonn chúig ghéag ar an gcuid is mó de na crosáin agus dhá cheann déag ar an gcrosán gréine. Eirigheann na géaga bog liobarnach nuair a gheibheann an crosán bás, ach má fhághann tú crosán beo beidh fuinneamh ins na géagaibh aige agus ní bheidh sé ina liobar bog; aithneocha tú an ceann beo chomh luath agus thógfás tú i do láimh é.

Ba dhóigh leat gur liobar gan chos an crosán, ach is amhlaidh atá na céadta cos aige. Má dhearcann tú ar íochtar na ngéag chífidh tú go bhfuil siad lán poll. Is istigh ins na géaga atá cosa an chrosáin craptha aige. Cosa rí bheag atá aige agus tá poll ins an géaga do gach cois dá bhfuil istigh aige. Má leagann tú síos san uisge é bogfaidh sé leis ar an ngaineamh in íochtar an locháin gan mórán moille. Sáthann sé na cosa beaga amach tríd na pollaibh beaga agus nuair a thugas sé céim chun cinn leis an ngéag cuireann sé greim leis na cosa beaga atá ag síle síos ar an ngéag. Annsin tugann sé géag eile chun cinn agus cuireann sé greim ar an mbealach céadna. Sin é an nós siubhail atá aige. Nuair a thig sé ag bun carraige tá sé i ndon siubhal suas ar a taobh mór tá sughracóir ar bharr ná géag aige mar atá ag an gcudal.

PLÁTA XXXV AN CROSÁN LADHRACH (CROSÁN NA GCÚIG NGÉAG)

Sé an cineál is fairsinge de na crosáin cineál na gcúig ngéag nó na crosáin ladhracha. Níl aon chladach duirlinge gan iad, ná tráigh ghainimh, agus ní cheapfá mísg ná oilbhéas dó, tá sé chomh támhach sin ina shiubhal, ach is ainmhí oilbhéasach olc é a alpas go leor de na sliogáin ina mbeatha. Sloigeann sé blaosg agus beatha i n-éinfheacht agus cuireann sé aniar tríd a bhéal na blaosganna folmha aríst. Ní dhéanann sé dhá ghreim den diúilicín capaill ná den oisire féin. Níl aon sgriosadóir is mó ná an crosán ladhrach ar na trághanna oistrí. Tá sé leagtha air go milleann sé luach deich míle punt d'oistrí san Oileán Úr in aghaidh na bliana.

Is aisteach an t-ainmhidhe ar fad an crosán seo. Dá mbaintí géag de d'fhásfadh géag nua ina háit in achar gearr, agus dá mba mhaith leat dhá chrosán a dhéanamh de d'aon chrosán amháin, ní bheadh le déanamh agad ach dhá leith a dhéanamh de, arae dá ngearrthá ina dhá leith é, d'fhásfadh gach aon cheann aca ina chrosán chúig ladhrach arís. An rud is annamh is iongantach, agus dá iontaighe an sgéal seo fán gcrosán chúig ladhrach is fíor é.

Tá chúig shúil ag an gcrosán chúig ladhrach, súil ar bharr gach géige, agus tá crosán ann a bhfuil fillí ar na súilibh aca agus a dtig leo súil a chaochadh.

Pláta XXXV An Crosán Faoileáin

Tá fhios ag an saoghal gur cos ladhrach atá ag an roilleog agus ag na laidhríní trágha ar fad, agus nach cos ladhrach ach crúb dúnta atá ag an bhfaoileán agus ag lachain agus ag na snámhóirí ar fad, beagnach. Is cosmhail an crosán faoileáin ina dhéanamh le cos faoileáin. Tá géaga nó méara air, chúig cinn agus gan aon ladhar eatortha ach ach áit na ladhar dúnta le sgamall nó craiceann go díreach mar atá ladhair faoileáin le sgamall idir na méaracha.

Tá an crosán seo chomh glé-bhuidhe le oráiste. Tá stríoca glé-dhearg ar chiúsaibh na ngéag ar an taobh íochtair agus réiltín dearg ina cheart-lár. Cuireann na stríocaí agus an réiltín cosmhalach álainn air agus is gleoite an rud é le breathnú air. Is annamh a feictear é mar coinneann sé taobh thíos den íochtar láin. Sé an t-oibriú fairrge le linn rabharta earraigh a chuireas isteach é agus fágann an taoille triomuighthe ar an tráigh é.

PLÁTA XXXVI AN CROSÁN GRÉINE

Tá an crosán gréine ina chrosán mór galánta. Is minic ceann den chineál seo ocht n-ordlaigh ar leithead, nó deich n-ordlaigh féin, agus tá dhá cheann déag de ghéaga air, timcheall, agus na ladhracha dúnta. Crosán dearg seadh é ach ach bíonn loinnir ghorm le feiceál air uaireannta. Is deirge an conabhlach ná na géaga. Dath rois-dhearg nó flann-dearg a bhíos ar na géaga.

Fearach na gcrosán eile tá bealach aisteach ag an gcrosán gréine le na chuid eochrach a chúdach seal tar éis iad a bhreith. Leagann sé i mullach a chéile ina gcarnáin iad. Luigheann sé ar a mbarr agus crapann sé na géaga timcheall ar an gcarnán. Sé an samhail a bhéarfadh duine dhó agus é ina sheasamh ar na géaga reamhra agus na heochraí faoi, bord beag a mbeadh dhá chois dhéag de chosa láidre dá choinneál.

PLÁTA XXXVII AN CROSÁN BRIOSC

Beidh an t-ádh ar do chaipín an lá a fheicfeas tú crosán briosc d'aon chineál mar ní minic a feictear ceann aca ar an tráigh. Is iomdha cineál aca ann agus tá siad ar fad go gleoite le breathnú ortha. Is mó is cosmhail na géaga le earballaibh ná le méara ná cosa, arae tá siad fada lúbach agus cluimhearnach ar an dá thaobh ortha mar bheadh ar chleite. Tá chúig cinn aca ag fás ar an gconabhlach cruinn. Tá na hearbaill seo chomh briosc go dtig leis iad ar fad a sgoitheadh in éinfeacht gan aon dochar mór dá sláinte. Cuireann sgannradh ar bith crith-eagla air agus nuair a thig an crith air briseann sé na hearbaill agus de agus ní bhíonn fagtha ach an conabhlach beag cruinn. Ní fada go gcneasuithear an loit agus cuireann sé amach earball nua chomh maith leis na sean-cheannaibh. Tá na feithidí seo chomh eaglach sin agus chomh briosc go bhfuil sé deacair ceannn aca a ghabháil gan a lot.

Ní codlatán an crosán briosc, feithide mara a mbíonn cruadhóg i gcomhnaidhe air. Is annamh a chítear ceann gan sgodal oibre air agus na hearball dá síneadh, dá lúbadh agus dá gcrapadh aige. Is leo a bhailigheann sé cnuas. Sé an mionradh feamainne agus feoil éisg a itheann sé agus leis na géaga caola fada – na hearbaill – a bhailigheann a chuid.

Comhnuigheann na crosáin bhriosca sgathamh ón tráigh, san íochtar láin. Gheobhfá ceann aca corr-uair i lochán san díothrághadh, ach tógtar iad ins an dreidire nuair a bhíos iasgairí ag tógáil muiríní.

PLÁTA XXXVIII AN CUAN MARA

Is cosmhail le gráinneog an cuan mara, tá na oiread sin dealgaí air, ach go bhfuil sé chomh cruinn le liathróid. Nuair a cailltear é baineann bualadh na dtonn an clúdach dealg de. Feanann coruighil na fairrge é agus nuair a bhíos sé feannta ní bhíonn ann ach blaosg lom. Tá na céadta goirín ar an bplaoisg. Siad na dealga a d'fhág na goiríní ina ndiaidh. Is asta a bhí na dealga ag fás.

Tá bun na deilge folamh agus filleann an dealg anuas ar an ngoirín agus tá féith láidir éasgaidh a shnadhmann go dlúth ar an ngoirín é. Tig leis an gcuan mara a chuid dealg a bhogadh anonn is anall, agus cuidigheann siad leis sa tsiubhal nuair a mian leis iad a oibbbriú leis an mionchosa a sháitheann sé amach as an bplaoisg san am a mbíonn fonn air taisdeal a dhéanamh ar urlár na fairrge.

Bhéarfaidh tú faoi deara ach an cuan mara a bheith gabhtha ina bheatha agad go bhfuil béal mór air agus go bhfuil chúig cinn d'fhiacilaibh aige agus iad thar cionn le méid do rud beag mar é. Dá mbeadh fiacila ag an duine dá réir bheadh siad chomh fada le sgian srólltha.

Is blasta an biadh le n-ithe é biadh an chuan mara. Tá na cuain seo fairsing go leor ar thráigheanna áithride agus is maith le muintir an chladaigh iad. Baintear an biadh as an bplaoisg le spúnóg go díreach mar a baintear an biad as an uibh. Uibheacha mara a tugtar ortha in áiteacha.

Is fada ó na chéile an cuan mara agus an crosán le breathnú ortha ach má dhearcann tú an blaosg lom go grinn bhéarfaidh tú faoi deara go soiléir go bhfuil lorg na gcúig ladhar an gcnámh. Is cosmhail mar sin go bhfuil gaol eicint idir an dá fhéithide agus gur crosán an cuan mara a chrap isteach chuige na ladhra agus gur choinnigh sé craptha iad gur fhanadar mar sin.

Is maith leis an gcuan mara feisteas bréige a chur air féin ar súil is go n-imtheochaidh a námha thairis gan a aithneachtáil. Bailigheann sé mionradh sligre agus feamainne leis na dealgaibh, agus miochlocha féin. Sáitheann sé amch na mionchosa, na céadta aca, tríd an bplaoisg. Greamuigheann sé an bailiúchán leo go gclúduigheann sé a chraiceann timcheall agus nuair a bhíos sé fán bhfeisteas bréige mar sin b'fhéidir nach n-aithneochá é thar cnapán cloiche ar urlár an locháin sáile.